Léigfead Aodh d’fhearaibh Éireann

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn,* Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 12]

1 Léigfead Aodh d’fhearaibh Éireann,
lór don bhaisgheal bhairrshéimhsheang;
leision Éire acht meise amháin,
a seise, a céile compáin.

2 Ní fhuighinn ionadh ag Aodh,
atáid uime ar gach éantaobh -
ní-m-léigse i gceann ó gCriomhthain -
na héigse is fhearr d’Éirionnchuibh.

3 Ní meisde, ní meisde sin,
féachfa mé re Mág Uidhir,
mo rí Gabhra an ngéabhadh lam
ó tharla um éanar agam.

4 Éigean dúinne déanamh air,
madh olc, airdrí an fhuinn Mhanchaigh,
bas ghéigleabhar, taobh mar thuinn -
do céidgheabhadh Aodh oruinn.

5 Sgéal beag uaigneach uime sin
inneósad d’Aodh Mhág Uidhir -
gruaidh fhionndaithgheal dá dtráigh tonn -
nách cáir iomaithbhear orom.

6 Seacht bhfir dhéag d’éigsibh Uladh
do-chuaidh d’iarraidh ealadhan,
dál an chuaine fhinn Ultaigh
go Cill Chluaine i gConnachtaibh.

7 Do cheannchodar muc is mart,
gabhsad na dronga adubhart,
fíoch troda ar gach droing don dáimh,
ag roinn a gcoda i gcéadáir.

8 Fiarfaighis fear an tighe
fan mart cia do cuirfidhe,
nó fan leabharmhuic dtruim dtigh,
don druing neamhordhruic náirigh.

9 Tiad fan muic d’aitheasg éinfir,
ní fríoth don druing dhíchéillidh
acht éinfhear amháin fan mart,
a dhéineamh géar dháil deanacht.

10 “Nár thí mo bheó choidhche ar gcúl,”
do ráidh fear aca ag iompúdh,
“ón druing caradsa ro-m-chuir,
raghadsa fan gcuirr gcnámhuigh.”

11 Na seacht bhfir dhéag - díochra an cion -
ní dheachaidh díobh fa dheiriodh
fan mart bhforthaisgheal acht fear,
smacht orthaibhsean níor éidear.

12 Smuainidh, a bhruinne bhántais,
mar thug iomad omhántais
an t-aonduine amháin ón mhuic,
a aoghuire Chláir Chorbmuic.

13 Tusa aniú, a mheic Mhég Uidhir,
ní guth orm gan t’ionnsuighidh;
do chomhmoladh is leasg leam
a measg ollamhan Éireann.

14 Ní tásg cruais, ní cogadh ruibh,
ní fuath, ní héadóigh asuibh,
atá, a mhíonghruaidh shídhe sheang,
dot shíorbhuain dínne, acht doicheall.

15 Giodh maith tú, ní thréigfinn ort
mo dhuine féin Cú Chonnacht,
mo threise, mo ghrádh, mo ghean,
meise fa lár ní léigfeadh.